Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 26 Deireadh Fómhair 2026
(OR. en)

14724/26

COWEB 130
TRANS 634
FIN 1487

TORADH NA nIMEACHTAÍ

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	na toscaireachtaí
Ábhar:	Tuarascáil Speisialta Uimh. 16/2026 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa: ‘Creat Infheistíochta na mBalcán Thiar – Tugann tacaíocht ón Aontas aghaidh ar riachtanais nascachta, ach tá an comhtháthú sa chroíghréasán iompair mall’ - Conclúidí ón gComhairle (an 26 Deireadh Fómhair 2026)

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí thuasluaite ón gComhairle mar a d’fhormheas an Chomhairle Talmhaíochta agus Iascaigh iad ag an gcruinniú a bhí aici an 26 Deireadh Fómhair 2026.

CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE

maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 16/2026 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa:

‘Creat Infheistíochta na mBalcán Thiar – Tugann tacaíocht ón Aontas aghaidh ar riachtanais nascachta, ach tá an comhtháthú sa chroíghréasán iompair mall’

1. Is díol sásaimh don Chomhairle gur fhoilsigh Cúirt Iniúchóirí na hEorpa (dá ngairtear ‘an Chúirt’ anseo feasta) Tuarascáil Speisialta Uimh. 16/2026.

2. Athdhearbhaíonn an Chomhairle go leanfaidh an tAontas de bheith ag obair go dlúth leis na Balcáin Thiar agus go dtacóidh sé lena n-iarrachtaí athchóirithe agus iad ar a gconair i dtreo ballraíocht san Aontas. Leanann an Chomhairle dá thiomantas an comhtháthú forásach idir an tAontas agus an réigiún a chur chun cinn le linn phróiseas an mhéadaithe féin ar bhealach inchúlaithe fiúntasbhunaithe.

3. Meabhraítear don Chomhairle gur díol sásaimh don Aontas an nascacht – nascacht san fhuinneamh, san iompar agus i gcúrsaí digiteacha – a bheith á neartú laistigh den réigiún agus leis an Aontas, agus leanfaidh an tAontas air ag tacú leis an neartú sin. I ndáil leis an méid sin, cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir gur cheart d’infheistíochtaí nascachta iompair trí Chreat Infheistíochta na mBalcán Thiar tacú le hailíniú le *acquis* an Aontais agus rannchuidiú le comhtháthú an réigiúin i margadh inmheánach an Aontais de réir a chéile. Meabhraítear don Chomhairle freisin go dtacaíonn sí leis na cleachtais arb é is aidhm dóibh rannpháirtíocht agus slógadh eintitis na hearnála príobháidí ó na Ballstáit a áirithiú.

4. Leagann an Chomhairle béim ar a thábhachtaí atá naisc thrasteorann, naisc iompair inbhuanaithe leis an Aontas agus sa réigiún agus comhtháthú na mBalcán Thiar i ngréasán GTE-I an Aontais.

5. Leagann an Chomhairle béim ar a ábhartha atá torthaí agus moltaí na Tuarascála Speisialta, go háirithe maidir leis an gcaoi a gcuirfear chun feidhme an tacaíocht a thabharfaidh an tAontas amach anseo don bhonneagar iompair sna Balcáin Thiar.

6. Tugann an Chomhairle dá haire conclúid fhoriomlán na Cúirte gur chuir laigí i dtaca le hullmhúchán, faireachán agus inbhuanaitheacht tionscadal bac ar a gcur chun feidhme, cé go raibh tionscadail iompair arna maoiniú ag an Aontas ailínithe go ginearálta le tosaíochtaí nascachta an Aontais.

7. Tugann an Chomhairle dá haire freisin an chonclúid ón gCúirt nár áirithíodh infheictheacht na tacaíochta ón Aontas go hiomlán mar gheall ar na heasnaimh i gcur i bhfeidhm threoirlínte infheictheachta an Aontais maidir le hinfheistíochtaí iompair arna gcistiú ag an Aontas. Ag meabhrú di a thábhachtaí atá sé leanúint de na hiarrachtaí frithpháirteacha maidir le cumarsáid straitéiseach, iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún a áirithiú go gcuirfear ceanglais infheictheachta na dtionscadal a fhaigheann tacaíocht ón Aontas i bhfeidhm go comhsheasmhach agus go hiomlán.

8. Tugann an Chomhairle dá haire na freagraí ón gCoimisiún, atá i gceangal le Tuarascáil Speisialta Uimh. 16/2026, agus tugann sí dá haire gur ghlac an Coimisiún leis na moltaí ón gCúirt.

9. Iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún aghaidh a thabhairt ar na moltaí ón gCúirt ar bhealach éifeachtach tráthúil: 1) gan ach tionscadail aibí a roghnú, 2) fianaise a fháil ó institiúidí airgeadais maidir le measúnú riosca agus bearta maolaitheacha, 3) feabhas a chur ar an bhfaireachán ar chur chun feidhme na dtionscadal, 4) inbhuanaitheacht na dtorthaí agus infheictheacht an Aontais a fheabhsú.

10. Leagann an Chomhairle béim ar a thábhachtaí atá cuntasacht, úinéireacht agus acmhainneacht ionsúcháin na dtairbhithe chomh maith le tionscadail a thabhairt chun críche go tráthúil chun a áirithiú go mbainfear úsáid éifeachtúil as tacaíocht airgeadais an Aontais.